Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

14610/25

FIN 1262
INST 339
PE-L 37

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 1/2025 laistigh de Roinn VII - Coiste na Réigiún - den bhuiséad ginearálta do 2025<br>• *Formheas*<br>• *Formheas litreach* |

1. An 23 Deireadh Fómhair 2025, chuir Coiste na Réigiún (CnaR) faoi bhráid na Comhairle togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 1/2025, i gcomhréir le hAirteagail 31 den Rialachán Airgeadais[1].

2. Is é is cuspóir don togra seo EUR 661 109 ar an iomlán a aistriú ó Mhír 1 2 0 0 (Luach saothair agus liúntais) chuig Míreanna:

- 2 1 0 0 (*Ceannach, seirbhísiú agus cothabháil trealaimh agus bogearraí, agus obair ghaolmhar*) (EUR 14 889),
- 2 1 0 2 (*Cúnamh seachtrach chun córais bogearraí a oibriú, a fhorbairt agus a chothabháil*) (EUR 221 220),
- 2 6 0 1 (*Buansásra idirphlé*) (EUR 205 000) agus
- 2 6 0 3 (*Comhairleoirí AE*) (EUR 220 000).

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

3. Tá gá leis na treisithe sin chun cúig thionscadal chomhpháirteacha idir CnaR agus CESE a bhaineann le TF agus cúig thionscadal a bhaineann le cumarsáid a mhaoiniú.

4. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra seo le haghaidh aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 29 Deireadh Fómhair 2025.

5. Tar éis an scrúdaithe, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

– an t-aistriú leithreasuithe atá beartaithe;

– an dréachtlitir atá san IARSCRÍBHINN chuige sin.

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Choiste na Réigiún

cóip : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 23 Meán Fómhair 2024[1], cuirim in iúl duit gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 1/2025 laistigh de Roinn VII - Coiste na Réigiún - den bhuiséad ginearálta do 2025.

(Clabhsúr dea-mhéine).

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).